# Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir



## Nuachtlitir Bealtaine 2025

SAN EAGRÁN SEO


Samhaltú Hiodrálach Ich 2
Imscrúduithe Talaimh Ich 3
Measúnachtaí Timpeallachta Ich 4
Na Chéad Chéimeanna Eile Ich 5


# An Scéal Is Déanaí

Seo an tríú nuachtlitir déag ag Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann, cuireadh an tuairisc mionsamhlaithe hiodrálaice i gcrích agus imscrúdú talaimh breise

# Samhaltú Hiodrálach

Forbraíodh an tsamhail hiodrálach do Bhaile Féich-Srath an Urláir agus rinneadh tástáil uirthi.. Déanann an tsamhail macasamhlú ar dhálaí tuilte agus cuidíonn sí le tuiscint a fháil ar thionchair fhéideartha ó eachtraí tuilte amach anseo, chomh maith le héifeachtacht bearta faoisimh tuilte atá ann cheana nó atá beartaithe a mheas. Tá rití samhaltaithe don bhunlíne (na coinníollacha reatha), calabrú, íogaireacht, dearadh, agus tionchar ar an athrú aeráide curtha i gcrích. Aithníodh réadmhaoine atá i mbaol i ngach cás samhaltaithe agus déanfar iad a mheas sa chéim roghnúcháin.

Rinneadh an Tuairisc Hiodrálach ghaolmhar a nuashonrú taobh le huasdátú ar an tsamhaltú.
Tá measúnú sáraithe á dhéanamh ar na claífoirt i mBaile Féich–Srath an Urláir leis na limistéir a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte a aithint, dá dteipfeadh ar chuid de chlaífort cosaint a thabhairt. Déanfaidh an mheasúnacht seo eolas tábhachtach don phróiseas roghnúcháin agus don tsamhaltú ar na roghanna.



# Suirbhéireachtaí agus Imscrúduithe

D'aithin an fhoireann tionscadail ceantair le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe i gconradh imscrúdaithe talaimh. Ullmhóidh agus déanfaidh speisialtóirí Measúnacht Tionchair Seandálaíochta (AIA) agus scagadh Measúnaithe Cuí (AA) le tionchair ó ha imscrúduithe diúltacha féideartha ó na himscrúduithe ar a dtimpeallacht máguaird a mheas. Táthar ag súil go ndéanfar na suirbhéireachtaí imscrúdaithe talaimh níos moille in 2025.

Tá sé beartaithe suirbhéireachtaí a dhéanamh i mí na Bealtaine/Mí an Mheithimh 2025 le tuilleadh eolais a bhailiú faoi leibhéil tairsí na talún agus na réadmhaoine. Cuirfear an t-eolas sin san áireamh sa tsamhail hiodrálach agus i ngnéithe eile de dhearadh an scéime

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Cuireadh an chéad chonradh 3 bliana le speicis ionracha a laghdú amhail Glúineach Bhiorach agus Balsam Himiléach i gcrích in 2024. Moltar go mbeidh bearta cóireála breise ann le míonna an tsamhraidh agus an obair le tosú i Mí an Meithimh.




Abhainn na Finne taobh thiar d'Óstán Jackson, Baile Féich

# Roghnúchán

Tá foireann an tionscadail ag dul ar aghaidh leis an chéim measúnaithe roghnúcháin do SFT Bhaile Féich–Srath an Urláir. Baineann an chéad chéim de seo le hathbhreithniú a dhéanamh ar gach beart faoisimh tuile féideartha agus forbairt gearrliosta bearta a fhorbairt.

Tá cealla tuilte aonair aitheanta, agus léiríonn gach ceann ceantar is féidir a chosaint go neamhspleách ar na cinn eile. Forbrófar agus déanfar measúnú ar bhearta le socrú ar roghanna féideartha faoisimh tuile don scéim. Beidh meascán de bhearta mar bhunús don thuairisc ar na roghanna scéime. Nuair a bheidh na roghanna forbartha, cuirfear iad i láthair don phobal agus do pháirtithe leasmhara le haghaidh comhairliúcháin, rud a chuideoidh leis rogha scéime is fearr a aithint do Bhaile Féich–Srath an Urláir.

Tá tús curtha ag an fhoireann Tionscadail ar Phlean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a ullmhú do SFT Bhaile Féich-Srath an Urláir. Is cáipéis bheo í an Plean agus tagraíonn sí don mheasúnacht ar thionchair fhéideartha an athraithe aeráide agus ar na dóigheanna ar féidir na tionchair dhiúltacha ó shruthchúrsaí a mhaolú.




Ceantar Scéime Bhaile Féich agus Sruthchúrsaí gaolmhara

# Na Chéad Chéimeanna Eile

**Sna míonna atá romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:**

- **Conradh um Imscrúdú Talaimh**
- **Anailís ar Shárú Hiodrálach**
- **Measúnacht agus Forbairt Roghnúcháin**

# Déan Teagmháil Linn

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

## Rphost

Ballybofey-StranorlarFRS@Ayesa.com

## Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir

Ayesa
Building 2100

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:

www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/